Bord Bainistíochta Tuairisc Bhliantúil an Bhoird Samhain 2020

Board of Management Annual Report November 2020

www.scoilaonghusa.com

Ar an 13 Eanáir 2020 ghlac na daoine seo a leanas comhaltas ar Bhord Bainistíocht na scoile dá téarma oifige reatha, agus gheall siad cloí leis na rialacha a bhaineann le dualgais an Bhoird de réir Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019-2023 agus de réir na rialacha, na rialachán, na reachtaíochta agus na n-imlitreacha Roinne ábhartha eile ar fad a bhaineann le comhaltas agus le feidhmiú na mBord.

On the 13th January 2020 the following members of the Board formally accepted membership of the Board of Management of Scoil Aonghusa for its current term of office and undertook to adhere to the rules pertaining to duties as per the Governance Manual for Primary Schools 2019-2023 and all other relevant rules, regulations and legislation and Department of Education Circulars relating to the membership and operation of Boards.

Seamus Finegan – Cathaoirleach
Canónach Eoghan Mac Suibhne
Edel Ní Bhroin – Príomhoide
Mairéad Mhic an Ríogh
Liam Harbison – Cisteoir
Olivia Uí Chiaráin
John Halpin
Tara Walker

I Mí na Nollag 2019 tháinig críoch le téarma oifige Rhona Uí Cheallaigh, Turlough Mc Kevitt, Caitríona Ní Dhubhláin, Olivia Uí Shiel agus Joe Mc Ardle. Gabhaimid buíochas leo as an tseirbhís agus díogras don scoil.
In December 2019 the term of office of the following Board of Management members came to an end; Rhona Kelly, Turlough Mc Kevitt, Caitríona Ní Dhubhláin, Olivia Uí Shiel and Joe Mc Ardle. We sincerely thank them for their dedicated service to our school.

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta sa scoil – Edel Ní Bhroin
Edel Ní Bhroin is the named Safety Officer in the school.

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar an mBord – Olivia Uí Chiaráin
Olivia Uí Chiaráin is the named Safety Officer on the Board of Management.

Polasaí maidir le Caomhnú Leanaí : An Duine idirchaidrimh Ainmnithe ná Edel Ní Bhroin
Child Protection Policy: The Designated Liaison Person is Edel Ní Bhroin

Bhí cruinniú ag Bord Bainistíochta reatha na scoile ar na dátaí seo a leanas

The Board of Management met on the following dates

16 Meán Fómhair 2019
4 Samhain 2019
3 Nollaig 2019
13 Eanáir 2020
20 Eanáir 2020
2 Márta 2020
9 Márta 2020
24 Lúnasa 2020
21 Meán Fómhair 2020
16 Samhain 2020

Ag Cruinniú na Bliana de Chumann na dTuismitheoirí ar an 5 Samhain 2020 thug Bord Bainistíochta na Scoile cur i láthair ar oibreacha an Bhoird agus chuir Bord Bainistíochta na scoile i láthair an chruinnithe mar a bhí cúrsaí airgeadais na scoile i bhfoirm ráiteas chaiteachais agus teacht isteach don bhliain a chríochnaigh an 31 Lúnasa 2020. Tá cóipeanna de seo ar fáil ón oifig. Tá scrúdú agus iniúchadh cuntais na scoile déanta ag Callan and Stringer Accountants. Tá fáilte romhat cur i láthair Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, aitheasc an Phríomhoide agus tuairisc an Chathaoirligh, Cumann na dTuismitheoirí a léamh ar www.scoilaonghusa.com.

At the Annual General Meeting of Cumann na dTuismitheoirí on 5th November 2020 the Board of Management presented details about the workings of the Board and presented a Report of Income and Expenditure for the year ending 31 August 2020. A copy of this is available from the office. The school accounts are independently examined and certified by Callan and Stringer Accountants. You are invited to read the Chairperson of the Board of Management's presentation, the Principal's address and the report of the Chairperson of Cumann na dTuismitheoirí on www.scoilaonghusa.com.

Tá Bord Bainistíochta na scoile fíor bhuíoch as ucht an tacaíocht a thugann tuismitheoirí na scoile do na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag Cumann na dTuismitheoirí i rith na bliana. Tá Bord Bainistíochta Scoil Aonghusa fíor bhuíoch as flaithiúlacht Chumann na dTuismitheoirí. Oibríonn Cumann na dTuismitheoirí go dian ar son na scoile. Ach fiú leis an gcabhair seo, tá airgead sa bhreis ag teastáil agus mar sin iarraimid ar thuismitheoirí cabhrú linn ionas go mbeimid in ann ard-chaighdeán seirbhíse a ofráil do chuile dhuine i Scoil Aonghusa.

The Board of Management appreciates the ongoing generosity of all the parents in supporting the activities carried out by Cumann na dTuismitheoirí and wishes to acknowledge the substantial contributions made by Cumann na dTuismitheoirí to the school community. However, in order to maintain the school at its present high standard, the Board of Management are again offering the opportunity to families to make a voluntary contribution towards the running costs of the school.

Tuigimid go bhfuil éileamh mór ar airgead i láthair na huaire agus beimid fíor bhuíoch as cibé síntiús a chuirfidh tú chugainn. Gabhaimid buíochas leis agus tugaimid aitheantas dóibh súid a dhéanann íocaíochtaí chuig an scoil tríd ordú banc cheanna féin.

We understand and appreciate that there are a lot of financial demands on families and any donation is very welcome. We thank most sincerely the families who currently make payments to the school via a standing order.

Is féidir síntiús a chur chugainn. *Contributions can be made in either of the following ways.*

1. I bhfoirm seic iníoctha leis: An Rúnaí, Bord Bainistíochta Scoil Aonghusa *A once off payment made payable to: Secretary, Board of Management, Scoil Aonghusa*
2. Ordú Bainc a thosú, bíodh sé míosúil, ráithiúil nó bliaintúil *A Standing Order can be set up making monthly, quarterly or annual payments to the following account*:

Cuntas: Scoil Aonghusa
Brainse: Permanent TSB, 115-116 West Street, Droichead Átha
Cód: 99 06 22
Uimhir Chuntais : 00414201 (BIC) IPBSIE2D (IBAN) IE16IPBS99062200414201

Le dhá mhí déag anuas tá Bord Bainistíochta na scoile tar éis alán airgid a chaitheamh ar fhoirgneamh, áiseanna teagaisc agus cúrsaí slándála na scoile ar mhaithe le pobal na scoile – 12 leabhar chrome nua, 2 theilgeoir digiteach, 2 chlódóir, 4 ríomhaire, péinteáil timpeall na scoile, cairpéad nua, péinteáil ar ráille na scoile, troscán, leabhair nua, áiseanna matamaitice, scathbhrat, meaisín ceo, díghalrán, fearais ghlantacháin, fearais and áiseanna slándála mar atá luaite i bPlean Freagartha Covid-19 na scoile. Tá cóip den phlean freagartha Covid-19 fós ar fáil ar www.scoilaonghusa.com.
Gabhaimid buíochas ó chroí leis an bhfoireann ar fad a d'oibrigh go dian dícheallach chun an obair seo a chur i gcrích.

During the last twelve months the Board of Management has spent a lot of money on the upkeep of the school building, teaching resources, safety equipment and supplies for the good of the school community – 12 new Chromebooks, 2 digital Projectors, 2 printers, 4 teaching laptops, painting of classrooms, new carpet, painting of school railings, new furniture, new books, maths resources, awning for front of library building, fogging machine, sanitiser, cleaning equipment and supplies as outlined in our school's Covid -19 Response Plan. This Response Plan can still be accessed on www.scoilaonghusa.com.

An chéad tionscnamh eile atá ag an scoil ná uasghrádú a dhéanamh ar chúrsaí theicneolaíochta na scoile agus athchóiriú a dhéanamh ar níos mó seomraí ranga idir péint, troscán nua agus snas ar na húrláir adhmaid. Rachaidh gach airgead sa bhreis a bhailítear i mbliana chuig na tionscnaimh áirithe seo.

The current project of the Board of Management is the continuous upgrade of digital technology in our school and the redecoration of more classrooms with fresh paint, new

furniture and the sanding and polishing of more wooden floors. All extra monies collected this year in the school will go towards these particular projects.

Rinneadh athbhreithniú ar na polasaithe scoile seo:
The school carried out a review and the Board of Management ratified the following school policies:

- **Ráiteas um Polasaí Covid-19** *Covid-19 Statement*
- **Plean Freagartha agus Measúna Riosca Covid-19** *Covid-19 Response Plan and Risk Assessment*
- **Polasaí Iontrála** *Amissions Policy*
- **Polasaí um Chaomhnú Leanaí** *Child Protection Policy*
- **Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile** *Anti-Bullying Policy*
- **Ráiteas Slándála na scoile** *Safety Statement*
- **Polasaí Úsáide Inglachta** *Acceptable Use Policy*
- **Polasaí um Chosaint Sonraí** *Data Protection Policy*
- **Polasaí ar Mheasúnú** *Policy on Assessment*
- **Polasaí ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta** *Relationships and Sexuality Policy*
- **Polasaí Oideachais Speisialta** *Special Education Policy*
- **Plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla** *Criticial Incident Policy*
- **Straitéis Digiteacha na scoile** *Digital Strategy*

Faoi láthair tá an scoil ag cur béim faoi leith ar shláinte agus ar fholláine an linbh. Mar chuid d'ár bplean feabhsúcháin scoile tá an scoil ag cur an-bhéim ar mhúineadh agus ar fhoghlaim an litriú, léitheoireacht, foclóir matamaitice agus fadhb réiteach sa mhata. Tá portfóilió ag gach páiste agus samplaí d'obair na bpáistí á bhailiú acu. Téann na portfóilió seo ar aghaidh ó bhliain go dtí an chéad scoilbliain eile

Currently, the school is placing particular emphasis on the health and wellbeing of the children. We are also placing an emphasis and focus on the teaching and learning of spelling, reading, Mathematical Language and teaching problem solving strategies. Each child has a portfolio folder and the children have the opportunity to collect samples of their work. These portfolios follow the child from one class year to the next year and therefore track the children's progress.

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile á chur i bhfeidhm ó ranganna na Naíonán suas go Rang 6. Tá tuiscint na scoile á fhorbairt ar na haidhmeanna, modhanna múinte, pleanáil agus torthaí foghlama an pháiste mar atá leagtha sa churaclam. Tá fócas láidir ar cad ba chóir go mbeadh ar eolas ag an bpáiste agus cad ba chóir don pháiste a léiriú agus iad i mbun éispéaras foghlama.

The school is implementing the new Primary Language Curriculum for Junior Infants to Sixth Class and is developing an understanding of the aims, approaches, planning and intended learning for children as outlined by the Curriculum. The focus of the curriculum is on what children will know and be able to demonstrate through a range of language experiences and activities. All teachers engaged in in-service training on the Primary Language Curriculum.

Imeachtaí Scoile – *School Events*

Treanáil do fhoireann na scoile ar fhilleadh ar an scoil go sábháilte, Cúrsaí Traenála do mhúinteoirí ar Churaclam Teanga Nua na bunscoile, Ceardlann do thuismitheoirí agus daltaí Rang 4, 5 agus 6 ar shábháilteacht idirlín, Ranganna Ceoil, Ceol Traidisiúnta sa scoil, Cór na Scoile, Ceol le Geraldine gach Aoine, Snámh, Drámaí, Ceolchoirmeacha, Ceolchoirm John Spillane, Tionóil Chéiliúrtha d'ár seantuismitheoirí, Seirbhís Úrnaí, Lá Lóin Shláintiúla, Seachtain Mhata, Seachtain na Gaeilge, Lá na Pancóga, cur i láthair ACCORD, Fiontraí Óg, Staonadh Digiteach, Scéalaíocht sa leabharlann, Oíche scéalaíóchta na Nollag, Óga Yoga, turas chuig an raon Reatha agus Páirc Peile, Searmanas fágála ar líne Rang 6, Céad Chomaoineach Rang 3. Tá ard-mholadh tuillte do na páistí a ghlac páirt i gcomórtas Tráth na gCeist, na cluichí agus traenáil peile agus cispheile, rince, díospóireacht, cluichí Mata, ceolchoirmeacha, dráma puipéad, comórtas fichille, Club Lego, Club Glas, Club Leabhar, comórtais ealaíne, Buddy Reading, Coiste na ndaltaí, foireann reatha na scoile agus Cairde sa Chlós.

Táimid ag súil go mór leis an lá nuair a bheimid in ann cuid de na himeachtaí thuas a chur ar fáil arís go daltaí na scoile go sábháilte.

Training for staff on safe return to school practice, Inservice Training for teachers on the New Language Curriculum, Internet Safety Workshop and Presentation for Parents and pupils, Music Lessons and Classes, Traditional Music, Choir, Music with Geraldine every Friday, Swimming Lessons, Drama, Concerts, John Spillane Concert, Gathering to celebrate Grandparents, Prayer Services, Healthy Eating Day, Sports Day, Maths Week, Digital Challenge, ACCORD sessions in Rang 6, regular use of the running track and football field, Junior Entrepreneur Programme, National Youth Choir, Digital Detox, Storytelling in the school library and Christmas Storytelling night in the school hall, Óga Yoga Sessions, Seachtain na Gaeilge events, Pancake Tuesday. Congratulations to all the children who took part in the following- quizzes, football and basketball matches and training, debates, Maths games, concerts, puppet show, chess competition, Lego Club, Club Glas, Book Club, art competitions, Buddy Reading, Students' Council, running team and Yard Buddies.

We look forward to the day when the children can once again enjoy many of the above-mentioned events safely.

Gabhann Bord Bainistíochta na scoile buíochas le foireann na scoile, le Cumann na dTuismitheoití, Coiste na nDaltaí, agus tuismitheoirí na scoile as ucht bhur gcabhair agus bhur dtacaíocht iomlán agus sinn ag obair go dian chun cinnte a dhéanamh go raibh bliain thaitneamhach, sábháilte agus thorthúil ag páistí na scoile.

The Board of Management expresses deep gratitude to the Staff of the school, Parent's Association, Students' Council, and all parents for your support and dedication to our school as we worked together to ensure an enjoyable, safe and beneficial year for the children.